An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**EUCO 34/22**

**CO EUR 29**
**CONCL 7**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (15 Nollaig 2022)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. AN ÚCRÁIN/AN RÚIS

1. Dearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an diancháineadh a rinne sí cheana ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

2. Athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn an tAontas go hiomlán le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha, ar teorainneacha iad a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus go dtacaíonn sé freisin le ceart bunúsach na hÚcráine í féin a chosaint in aghaidh fhogha na Rúise.

3. Leanann an tAontas Eorpach de bheith tiomanta do thacaíocht pholaitiúil agus mhíleata a thabhairt don Úcráin, go sonrach tríd an tSaoráid Eorpach Síochána, trí Mhisean um Chúnamh Míleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin, agus trí dhlús a chur leis an soláthar déthaobhach tacaíochta, go háirithe acmhainneachtaí aerchosanta agus cúnamh dímhianaithe.

4. An feachtas d'ionsaithe córasacha diúracán atá ar siúl ag an Rúis faoi láthair, dírithe ar shibhialtaigh na hÚcráine, ar spriocanna sibhialtacha, ar bhonneagar fuinnimh agus ar fhóntais eile, agus é de chuspóir aige cur, a thuilleadh fós, le fulaingt mhuintir na hÚcráine, is coir é nach bhféadfaidh gabháil gan phionós. Ní mór stop a chur leis. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na comhpháirtithe idirnáisiúnta uile a iarraidh amhlaidh agus a dtionchar a imirt chuige sin. Chomh maith leis sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Rúis éirí as gach gníomhaíocht lena gcuirtear sábháilteacht agus slándáil saoráidí núicléacha sibhialta i mbaol, agus éirí as láithreach. Tacaíonn an tAontas go hiomlán leis an obair atá á déanamh ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach.

5. Cuirfidh an tAontas Eorpach dlús, ar bhonn práinne, leis an soláthar a dhéanann sé leis an Úcráin ó thaobh cúnamh daonnúil agus cosaint shibhialta de, lena n-áirítear cúnamh comhchineáil, agus cuideoidh sé le bonneagar criticiúil na hÚcráine a athbhunú le go dtiocfaidh sí slán tríd an ngeimhreadh. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an mBanc Eorpach Infheistíochta, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus leis na hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais, dlús a chur lena thacaíocht do na riachtanais bhonneagair is práinní atá ag an Úcráin. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún freisin dlús a chur leis an gcomhordú le lucht tionscail na hEorpa agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun soláthar inbhuanaithe trealaimh tosaíochta a chur ar fáil don Úcráin, ar nós stáisiúin shoghluaiste téimh, gineadóirí cumhachta, claochladáin chumhachta, trealamh ardvoltais agus soilsithe. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach toradh chomhdháil Pháras maidir le hathléimneacht agus atógáil na hÚcráine an 13 Nollaig 2022.

6. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt do dhaoine easáitithe, idir laistigh agus lasmuigh den Úcráin. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit dlús a chur leis an bpleanáil teagmhasachta, le tacaíocht ón gCoimisiún.

7. Leanann an tAontas Eorpach de bheith tiomanta do thacaíocht a thabhairt, in éineacht lena chomhpháirtithe, d’fhóirithint airgeadais a thabhairt don Úcráin, agus tacaíocht a thabhairt dá hathléimneacht agus dá hatógáil fhadtéarmach. Sa chomhthéacs sin, tá sé comhaontaithe ag an Aontas Eorpach EUR 18 mbilliún de chúnamh a chur ar fáil don Úcráin in 2023. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú ar ar tháinig G7 maidir le hArdán ilghníomhaireachta Comhordaithe Deontóirí a bhunú.

8. Misníonn an Chomhairle Eorpach agus is díol sásaimh di na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun cuntasacht iomlán a áirithiú as coireanna cogaidh agus as na coireanna eile is tromchúisí dá bhfuil á ndéanamh i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear bealaí chun cuntasacht a áirithiú as coir an fhogha é féin. Tacaíonn an tAontas go daingean leis na himscrúduithe atá á ndéanamh ag Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta. Mheáigh an Chomhairle Eorpach freisin na roghanna i ndáil le sócmhainní reoite a úsáid chun tacú le hatógáil na hÚcráine agus chun críoch cúitimh. Iarrann sí ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar an gComhairle leanúint leis an obair, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta, agus é á chur i bhfios go láidir aici gur ceist é ionchúiseamh choir an fhogha a bhaineann leis an gcomhphobal idirnáisiúnta ina iomláine.

9. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil sí réidh chun tacú le tionscnamh na hÚcráine le haghaidh síocháin chóir. Go dtí seo, níl aon fhíorthoil léirithe ag an Rúis i ndáil le síocháin chothrom inbhuanaithe a bhaint amach.

10. Phléigh an Chomhairle Eorpach bealaí chun an brú comhchoiteann ar an Rúis a mhéadú a thuilleadh le go gcuirfidh sí deireadh lena cogadh foghach agus go dtarraingeoidh sí a cuid trúpaí siar ón Úcráin. Is díol sásaimh di go bhfuil bearta sriantacha an Aontais i gcoinne na Rúise á n-atreisiú, lena n-áirítear trí naoú pacáiste bhearta sriantacha an Aontais agus tríd an gcaidhp phraghais idirnáisiúnta ar ola, agus an cothrom iomaíochta domhanda á áirithiú ag an am céanna. Tá an tAontas Eorpach faoi réir leanúint de na bearta sriantacha a threisiú. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis a thábhachtaí atá sé cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú, agus aon teacht timpeall ar na srianta a chosc, mar aon le haon éascú ar an teacht timpeall sin. Iarrann sí an athuair ar gach tír ailíniú le smachtbhannaí an Aontais.

11. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an cáineadh a rinne sí ar an tacaíocht mhíleata atá á tabhairt ag údaráis na hIaráine do chogadh foghach na Rúise, nach mór deireadh a chur léi. I ndáil leis sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na smachtbhannaí a ghlac an tAontas an 12 Nollaig 2022.

12. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht ábhartha a chur ar fáil do Phoblacht na Moldóive agus í ag déileáil leis an tionchar ilghnéitheach atá ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine uirthi féin, go háirithe maidir leis an tslándáil fuinnimh.

13. I gcomhthéacs slándáil dhomhanda an tsoláthair bia a neartú, cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis freisin a thábhachtaí atá na Lánaí Dlúthpháirtíochta, agus go mbainfí leas as a n-acmhainneacht iomlán, agus a thábhachtaí atá Tionscnamh Grán na Mara Duibhe de chuid na Náisiún Aontaithe, agus an clár 'Grán ón Úcráin', agus é á chur i bhfios go láidir aici nach mór leanúint d'infhaighteacht agus d'inacmhainneacht táirgí talmhaíochta agus leasachán a áirithiú.

## II. <u>FUINNEAMH AGUS AN GEILLEAGAR</u>

14. Rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta i dtaca leis na conclúidí a ghlac sí i mí Dheireadh Fómhair 2022 a chur chun feidhme.

15. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn a rinneadh agus iarrann sí ar an gComhairle a cuid oibre a thabhairt chun críche an 19 Nollaig 2022 i ndáil leis na tograí le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena bhfeabhsaítear an dlúthpháirtíocht trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar cheannacháin gháis, go háirithe trí Ardán Fuinnimh an Aontais, trí mhalartuithe gáis thar theorainneacha agus trí thagarmharcanna iontaofa praghsanna, le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos creat chun dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite agus le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear sásra ceartúcháin margaidh chun saoránaigh agus an geilleagar a chosaint ar phraghsanna iomarcacha.

16. Ag féachaint do na chéad séasúir eile líonta stórtha agus téimh, cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis a thábhachtaí atá sé an comhordú a neartú. Go háirithe, ba cheart leanúint den obair ar na snáitheanna seo a leanas:

    a) comhiomlánú an éilimh gáis agus an tsásra comhcheannaigh a oibríochtú go tapa trí Ardán Fuinnimh an Aontais; agus dlús a chur leis an bplé le comhpháirtithe iontaofa chun an soláthar gáis a chinntiú mar ullmhúchán do gheimhreadh 2023/2024 d'fhonn conarthaí fadtéarmacha a thabhairt i gcrích;

    b) na stórtha gáis a líonadh go héifeachtúil agus dlúthfhaireachán a dhéanamh ar na conairí líonta;

    c) dlúthfhaireachán a dhéanamh ar na cuspóirí maidir leis an éileamh ar ghás a laghdú;

    d) pleananna teagmhasachta a ullmhú go luath do gheimhreadh 2023/2024.

17. Iarrann an Chomhairle Eorpach go dtabharfaí chun críche go gasta an plé faoin Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh.

18. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis an infheistíocht sa nuálaíocht, sa bhonneagar agus in idirnaisc, sa stóráil, san fhuinnimh in-athnuaite agus i dtionscadail éifeachtúlachta fuinnimh, chun deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise ón Rúis, dlús a chur leis an aistriú glas agus slándáil an tsoláthair a áirithiú.

19. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil leis an togra agus leis an measúnú tionchair atá le tíolacadh ag an gCoimisiún go luath in 2023 maidir leis an athchóiriú struchtúrach ar mhargadh leictreachais an Aontais, lena n-áirítear maidir le héifeacht na bpraghsanna gáis ar phraghsanna leictreachais, agus ar athchóiriú é a fhágfaidh go mbeidh an margadh go hiomlán oiriúnach do chóras fuinnimh dícharbónaithe agus gur fusa a bheidh sé glacadh le fuinnimh in-athnuaite.

20. I bhfianaise thionchar na bpraghsanna arda fuinnimh san Eoraip, cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis a thábhachtaí atá sé bonn eacnamaíoch, tionsclaíoch agus teicneolaíoch na hEorpa a chosaint agus an cothrom iomaíochta domhanda a chaomhnú. Cuireann sí i bhfios go háirithe a thábhachtaí atá sé go mbeadh beartas tionsclaíoch uaillmhianach Eorpach ann chun geilleagar na hEorpa a chur in oiriúint don aistriú glas agus don aistriú digiteach sa chomhthéacs domhanda reatha, agus a thábhachtaí atá sé na spleáchais straitéiseacha a laghdú, go háirithe sna réimsí is íogaire, agus an cothrom iomaíochta a áirithiú ag an am céanna. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach sa chomhthéacs sin gur gá freagairt chomhordaithe bheartais má táthar chun feabhas a chur ar athléimneacht eacnamaíoch agus iomaíochas domhanda na hEorpa, agus sláine an Mhargaidh Aonair a caomhnú ag an am céanna. I ndáil leis an méid sin agus chun freagairt ar thionchar na bpraghsanna arda fuinnimh, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh agus tograí a chur ar aghaidh faoi dheireadh mhí Eanáir 2023 d’fhonn na huirlisí ábhartha uile ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a shlógadh agus d’fhonn feabhas a chur ar na creatchoinníollacha le haghaidh infheistíochtaí, lena n-áirítear trí nósanna imeachta riaracháin cuíchóirithe.

21. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir a thábhachtaí atá dlúth-chomhordú agus go bhfaighfí réitigh chomhchoiteanna ar an leibhéal Eorpach, i gcás inarb iomchuí, agus iarrann sí ar an gComhairle agus ar an nGrúpa Euro dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha agus an comhordú a threisiú a thuilleadh, d'fhonn freagairt bheartais atá diongbháilte solúbtha a chur ar fáil.

22. Chomh maith le bearta gearrthéarma, ní mór don Aontas Eorpach tabhairt faoi na dúshláin fhadtéarma, go háirithe an bearna fáis agus nuálaíochta idir an Eoraip agus a hiomaitheoirí domhanda. I ndáil leis sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún straitéis a thíolacadh, go luath in 2023, ar leibhéal an Aontais chun borradh a chur faoi iomaíochas agus táirgiúlacht.

## III. <u>SLÁNDÁIL AGUS COSAINT</u>

23. I gcomhréir leis na conclúidí is déanaí ón gComhairle Eorpach agus mar thoradh ar chinntí a rinneadh roimhe seo, tá an tAontas ag glacadh níos mó de fhreagracht a shlándála féin air féin, agus, i réimse na cosanta, tá cúrsa gníomhaíochta straitéisí á leanúint aige agus tá é ag cur lena chumas gníomhú go neamhspleách. Rannchuideofar leis sin trí bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch earnáil cosanta na hEorpa a neartú.

24. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis a thábhachtaí atá an nasc trasatlantach, mar a léirítear i gCompás Straitéiseach an Aontais, agus i gCoincheap Straitéiseach ECAT freisin.

25. Mheáigh an Chomhairle Eorpach an obair a rinneadh chun na conclúidí uaithi roimhe seo, an treoir a tugadh in Versailles an 10 agus an 11 Márta 2022 agus an Compás Straitéiseach, chomh maith leis na torthaí agus na moltaí sa teachtaireacht chomhpháirteach maidir le '*the Defence Investment Gaps Analysis and Way Forward* [Anailís ar Bhearnaí Infheistíochta i Réimse na Cosanta agus an Bealach Chun Tosaigh]', a chur chun feidhme. Ní mór an obair sin a bhrostú. Sa chomhthéacs seo, déanann an Chomhairle Eorpach an méid a leanas:

    a) iarrann sí ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) a ghlacadh go pras;

b) iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint dlús a chur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun riachtanais a shainaithint agus chun soláthar comhpháirteach a éascú agus a chomhordú, go háirithe chun stoic a athshlánú, anois i bhfianaise na tacaíochta a thugtar don Úcráin;

c) iarrann sí ar an gCoimisiún togra a thíolacadh go pras le haghaidh Clár Eorpach Infheistíochta um Chosaint chun acmhainneacht agus athléimneacht earnáil teicneolaíochta agus thionsclaíoch cosanta na hEorpa, lena n-áirítear FBManna, a threisiú agus bearnaí straitéiseacha a líonadh agus spleáchais theicneolaíocha agus straitéiseacha a laghdú;

d) iarrann sí go gcuirfí dlús breise le cur chun feidhme na dtionscadal bonneagair i réimse na soghluaisteachta míleata, lena n-áirítear tionscadail bonneagair dé-úsáide;

e) athdhearbhaíonn sí an gealltanas a tugadh infheistíocht a dhéanamh sna cumais is gá chun raon iomlán na misean agus na n-oibríochtaí a chur i gcrích, lena n-áirítear acmhainneacht mhear-imscartha, agus iarrann sí ar na Ballstáit úsáid iomlán a bhaint as ionstraimí agus creataí comhoibríocha chuige sin;

f) iarrann sí go ndéanfaí infheistíocht i gcumasóirí straitéiseacha, an chibearshlándáil agus nascacht spásbhunaithe mar shampla, agus in athléimneacht an bhonneagair chriticiúil chomh maith;

g) iarrann sí go mbeadh beartas láidir ag an Aontas maidir leis an gcibearchosaint, ag tógáil ar an teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí le déanaí;

h) iarrann sí go gcuirfí bosca uirlisí hibrideach an Aontais chun feidhme go pras, agus cumas an Aontais chun bagairtí agus feachtais hibrideacha a chomhrac go héifeachtach á neartú ar an gcaoi sin;

i) iarrann sí go ndéanfaí CBSC sibhialtach a neartú, d'fhonn go bhféadfaí Comhshocrú Sibhialtach CBSC nua a ghlacadh faoi mhí na Bealtaine 2023.

26. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá an gealltanas a thug an tAontas tacú lena chomhpháirtithe i réimse na slándála agus na cosanta, go háirithe trí ionstraimí ar nós na Saoráide Eorpaí Síochána agus ar nós mhisin agus oibríochtaí CBES. Ag athdhearbhú di gné dhomhanda na Saoráide Eorpaí Síochána, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú ar thángthas air sa Chomhairle chun inbhuanaitheacht airgeadais na saoráide a áirithiú.

## IV. COMHARSANACHT AN DEISCIRT

27. Bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir leis an gcaidreamh le Comharsanacht an Deiscirt.

## V. AN CAIDREAMH TRASATLANTACH

28. Bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach ar an gcaidreamh trasatlantach.

## VI. MÍREANNA EILE

***An Chróit***

29. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach go mbeidh an Chróit mar chuid de limistéar Schengen ón 1 Eanáir 2023.

***An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin***

30. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach leis na Conclúidí ón gComhairle an 13 Nollaig 2022 maidir leis an Méadú agus maidir leis an bPróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, agus tá aontaithe aici stádas tír is iarrthóir a bhronnadh ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin.

***An Iaráin***

31. Á mheabhrú di na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Iaráin an 12 Nollaig 2022, cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir na pianbhreitheanna báis a fógraíodh agus a cuireadh i gcrích le déanaí i gcomhthéacs na n-agóidí leanúnacha san Iaráin. Iarrann sí ar údaráis na hIaráine scoir láithreach den chleachtas sin agus na pianbhreitheanna báis a fógraíodh le déanaí a neamhniú gan mhoill. Tá an tAontas Eorpach glan i gcoinne pionós an bháis a úsáid am ar bith nó i gcúinse ar bith, ós séanadh do-ghlactha é ar dhínit agus ionracas an duine. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair ar údaráis na hIaráine stop a chur le húsáid gan údar an fhornirt i gcoinne agóideoirí síochánta, go háirithe i gcoinne na mban.

*

*     *

*Meabhraítear don Chomhairle Eorpach go bhfuil rún daingean ag an Aontas Eorpach Colún 1 agus Colún 2 araon a chur chun feidhme mar a comhaontaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus iarrann sí ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chaibidlíocht leanúnach an choinbhinsiúin iltaobhaigh maidir le Colún 1 agus togra a chur ar aghaidh, más iomchuí, faoi dheireadh 2023 i gcás nach dtiocfaí ar chomhaontú maidir le réiteach Cholún 1.*